Oide

AISTRITHE CÓRA

Cén rud é Aistriú Cóir?

- Cur chuige cothrom agus cuimsitheach i leith an aistrithe ó gheilleagar ardcharbóin go geilleagar inbhuanaithe ísealcharbóin.
- Tá sé mar aidhm ag Aistrithe Córa aghaidh a thabhairt ar dhúshláin eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil lena chinntiú nach bhfágfar aon duine ar lár.
- D'fhéadfadh aistrithe córa tarlú in earnálacha amhail iompar, talmhaíocht & an earnáil chónaithe.

Dúshláin Eacnamaíocha, Shóisialta agus Chomhshaoil

- **Caillteanas post:** De réir mar a chuirfear deireadh diaidh ar ndiaidh le hearnálacha breosla iontaise, beidh dífhostaíocht i ndán d'oibrithe san earnáil seo.
- **Costas an aistrithe:** Brú ar acmhainní agus ar bhuiséid chun an t-aistriú a mhaoiniú.
- **Éagothromaíochtaí réigiúnacha:** D'fhéadfadh réigiúin nó pobail a bhíonn ag brath ar thionscail atá dian ar charbón a bheith thíos go díréireach leis an aistriú.
- **Éagothroime:** Buntáistí an aistrithe amhail poist ghlasa.
- **Cur ina choinne** ó ghrúpaí tionchar
- **Uas-sciliú oibrithe** i dtionscail thraidisiúnta.
- **Easpa** cur chuige iomlánaíoch i leith an chomhshaoil.

Cad iad na comhábhair riachtanacha chun go n-éireoidh le hAistriú Cóir?

- **Comhoibriú:** Ní mór do rialtais náisiúnta agus réigiúnacha a bheith ag obair go dlúth le húdaráis áitiúla, oibrithe, ceardchumainn, fostóirí agus páirtithe leasmhara eile.
- **Cur Chuige Áitiúil:** Níl aon dá áit mar an gcéanna, agus na haistrithe eacnamaíocha is rathúla agus is fearr ar éirigh leo, bhí fís shoiléir acu dá réigiún ar leith.

- **Airgead:** Teastaíonn maoiniú agus cumhacht cheart ó na heagraíochtaí a bhfuil baint acu leis an aistriú, ionas gur féidir leis na pobail atá thíos leis an méid a tharlaíonn a mhúnlú i ndáiríre, agus an tacaíocht a theastaíonn uathu a fháil.

Foinsí: https://www.greenpeace.org.uk/challenges/environmental-justice/just-transition/
https://jtrg.ucd.ie/the-challenges-of-a-just-transition/

CC BY NC